Léamhthuiscint

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Ceist 1

Tá ort cur i láthair a dhéanamh don rang Gaeilge maidir le toghchán Obama i Meiriceá. Léann tú an t-alt seo go tapa chun blaiseadh a fháil den ábhar.

10 / marc

Léigh an cheist thíos. Anois tá <u>5 nóiméad</u> agat leis an téacs a léamh agus an cheist a fhreagairt.

Cén ráiteas is fearr a chuireann síos ar dhearcadh údar an téacs seo? Cuir tic leis an ráiteas *is fearr a oireann*.

1. Tá sé míshásta gur toghadh an tUachtarán Obama. ❒
2. Tá an-lúcháir air gur toghadh an tUachtarán Obama. ❒
3. Tá amhras air faoi conas a éireoidh leis an Uachtarán Obama. ❒
4. Tá sé cinnte nach n-éireoidh go maith leis an Uachtarán Obama. ❒

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Léamhthuiscint

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Ceist 2

*Léigh an cheist thíos. Anois tá **15 nóiméad** agat leis an téacs a léamh agus an cheist a fhreagairt.*

16 / marc

Cén chuid den téacs (A- I) ina bhfuil an t-eolas seo a leanas (1 – 8) le fáil?
Níl ach freagra amháin fíor i ngach cás.
D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná píosa amháin eolais le fáil in aon chuid den téacs.
Scríobh an litir cheart (A-I) sna spásanna thíos.

1. D'fhéadfadh Obama ceacht a theagasc do pholaiteoirí na hÉireann. ___

2. Tugtar leasainm ar theach cónaithe Uachtarán Mheiriceá. ___

3. Beidh díomá mhór ar dhaoine má theipeann ar Obama. ___

4. Bhí cosúlacht mhór idir feachtas an dá iarrthóir. ___

5. Bíonn a thuiscint féin ag gach duine faoi na rudaí a deir Obama. ___

6. Rachaidh cúrsaí eacnamaíochta in olcas. ___

7. Tá droch-chlú polaiteora eile ina bhuntáiste don Uachtarán nua. ___

8. Tá taithí rialtais cheana féin ag cuid d'fhoireann Obama. ___

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Seo alt ina bpléitear an toghchán i Meiriceá.

A

Fair play dó. Tá bliain caite aige ag geallúint go mbeadh ‘athrú’ann dá dtoghfaí é. Dúirt sé go raibh ‘athrú’ ag teastáil ón bpobal. Go raibh ‘athrú’ ag teastáil go géar. Agus ar ndóigh nach bhféadfaí brath ar an iarrthóir eile chun ‘athrú’ a chur i gcrích. Faoi dheireadh, bhí an port céanna á cheol ag a chéile comhraic John McCain, a gheall agus a mhol ‘athrú’ chomh minic céanna, beagnach. Ar feadh tamaill bhí ‘athrú’ á fhógairt ag an mbeirt acu, mar a bheadh ag iarrthóirí ón bpáirtí céanna. Bhí baol ann nach dtuigfeadh na vótóirí an difríocht idir an dá ‘athrú’. Is é sin, má thuig duine ar bith an difríocht.

B

Bhí sluaghairm nuachumtha gan bhrí ann chun a dheimhniú go gcuimhneofaí ar shainmhíniú gan bhrí Obama. ‘Is Féidir Linn’ a dúirt sé i ngach óráid. D’áitigh sé ar a lucht leanúna na focail a athrá, arís agus arís eile. Níor cuireadh briathar tar éis na bhfocal riamh. Níor cuireadh iallach ach oiread ar an iarrthóir Daonlathach a rá céard a bhí ar a chumas nó ar chumas a thíre a dhéanamh. Dá olcas iad lucht Dháil Éireann, ní bhíonn siad díreach chomh doiléir ina gcuid cainte, agus ní bheadh pobal na hÉireann buíoch díobh dá mbeadh. ‘Is féidir linn’ a deir Obama. *Is* féidir leo, gan amhras, ach céard is féidir leo a dhéanamh agus Barack Obama i gceannas? Rún nár scaoil sé fós. **ATHRÚ: ‘malairt crutha a chur nó a theacht ar rud; rud a mhalartú nó a aistriú; sóinseáil.’ (*An Foclóir Beag*)**

C

D’fhógair Barack Obama go ríméadach in Chicago go déanach oíche Dé Máirt go raibh ‘athrú’ tagtha go Meiriceá. Ach nuair a chuaigh an slua abhaile, níor léir dóibh cén saghas ‘athrú’ a bhí beartaithe aige. Nó b’fhéidir gur cirte a rá gur bhain gach duine a chiall féin as. Ach is rún i gcónaí é cibé ‘athrú’ a chuirfidh an t-uachtarán nuathofa i bhfeidhm ar dhul in oifig dó sa Teach Bán ar 20 Eanáir.

D

Tá na habairtí thuas breac leis an amhras a thuilleann gach iarrthóir toghcháin nach gcuireann feoil ar chnámha a thairiscintí. Ní cóir mar sin féin an misneach agus an dóchas agus an spreagadh a chothaigh an t-uachtarán tofa ó chuaigh sé i mbun stocaireachta a fhágáil as an gcuntas. Ní cóir ach oiread a chumas mar chainteoir a fhágáil as an áireamh.

E

Ní sa Teach Bán a bheidh sé ina chónaí ach i dteach an uafáis, mar a dúradh in alt a foilsíodh sa *New York Magazine* le linn na seachtaine. An chúis? An géarú ar an ngéarchéim airgeadais le sé seachtaine anuas. Beidh crógacht, samhlaíocht, éirim, stuaim agus ardchumas polaitiúil ag teastáil go géar i míonna tosaigh a ré mar uachtarán. Agus líofacht, mar atá léirithe aige cheana féin.

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

F
Ach ní rud gan tábhacht í an líofacht. Cuimhnigh, mar shampla, ar an amhras a spreag Brian Lenihan nuair a mhol seisean tírghrá, agus an cháinaisnéis á fógairt aige mí ó shin, mar chuid den leigheas a theastaigh, dar leis, ar fhadhbanna na hÉireann. Tá tírghrá molta freisin ag Barack Obama, agus muintir Mheiriceá á n-ullmhú aige don saothar achrannach atá roimhe mar uachtarán. Dá mbeadh stuaim agus éirim agus na suáilcí eile atá luaite thuas léirithe ag an rialtas abhus agus ag an aire agus an cháinaisnéis á dréachtadh acu, b'fhéidir go mbeadh an pobal níos toilteanaí aird a thabhairt ar a ndúirt Brian Lenihan faoi thírghrá. Beidh tírghrá, misneach, dóchas, líofacht agus go leor tréithe neamhghnácha ag teastáil ó rialtais ar fud an domhain agus aghaidh á tabhairt acu ar an gcúlú scanrúil atá tagtha ar an ngeilleagar –cúlú nár shroich a íosphointe fós. Ní sna struchtúir airgeadais amháin a theastóidh nósanna agus cleachtais nua. Tá ceannaire tofa ag na Meiriceánaigh a d'fhéadfadh a bheith ina cheannródaí agus ina threoraí spreagúil agus mórfhadhbanna éagsúla á sárú de réir a chéile ag a rialtas féin agus ag rialtais ar fud an domhain. Nó duine a spreagfadh fearg agus lagmhisneach as cuimse má léirítear tar éis tamaill nach bhfuil a chur chuige ag teacht lena óráidí breátha.

G
Dúirt Barack Obama cúig bliana ó shin go raibh meas ag Meiriceánaigh ar cheannairí a chuaigh i ngleic le fadhbanna scanrúla, ainneoin gach deacrachta. Dar leis go raibh siad toilteanach tacaíocht a thabhairt do cheannaire a bhí ábalta a chur ina luí orthu (a) go raibh an tír i gcruachás (b) gurb ionann easaontas agus a n-aimhleas agus (c) gur theastaigh aontas a raibh cuspóir ag gabháil leis. Is mar gheall ar an tuiscint sin, a dúirt sé, a chuimhnigh daoine ar a ndúirt uachtarán fadó ar dhul in oifig dó an chéad uair i 1933. '*The only thing we have to fear is fear itself,'* a dúirt Franklin Delano Roosevelt.

H
Ní thabharfar breithiúnas ar feadh tamaill ar chumas an Uachtaráin nua. Taobh amuigh dá líofacht, is cúis dóchais é an t-ullmhúchán agus an phleanáil fhada atá déanta ag a chomhairleoirí le haghaidh a thréimhse in oifig. Chuir sé iontas ar mhórán gur fhostaigh sé a oiread sin comhairleoirí a chaith seal sa Teach Bán nuair a bhí Bill Clinton ina uachtarán. Ach dúirt fear a bhí i gcomhairle leo go minic le cúpla mí liom le gairid go bhfuil na ceachtanna cuí foghlamtha acu. Breathnaíonn siad anois, a dúirt sé liom, ar thús ré Clinton sa Teach Bán mar eiseamláir den chineál cuir chuige a chaithfear a sheachaint chun dul i mbun oibre go héifeachtach.

I
Idir an dá linn, beidh cosaint láidir amháin ag an uachtarán nua ar feadh tamaill ar a laghad. Cibé botún a dhéanfaidh sé, rachaidh sé dian air a bheith chomh mí-éifeachtach leis an bhfear atá ar tí éirí as oifig.

(Curtha in oiriúint ó *Foinse,* 9 Samhain, 2008)

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Léamhthuiscint

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Tá 40 nóiméad agat le Ceist 3 agus Ceist 4 a dhéanamh

Ceist 3

*Léigh an cheist thíos. Roghnaigh **an abairt is oiriúnaí** (1-10) le cur i ngach bearna. Tá dhá abairt ann nach mbainfidh tú úsáid astu. Scríobh an litir cheart i ngach bearna san alt. Anois, léigh an t-alt ar an chéad leathanach eile chun na freagraí a aimsiú.*

16 / marc

1. Ní páirtí é agus ní cumann é de réir mar a thuigtear na téarmaí sin de ghnáth.

2. Tá an cur chuige chomh réabhlóideach céanna.

3. Is cróga an té a rachadh ar dhroim rothair ar bhóithre lán carranna.

4. Theip glan ar an agóid sin agus ar agóidí i mbailte eile in Éirinn.

5. Pobail nach bhfuil rómhór a thógáil agus riar a gcáis a bheith le fáil laistigh de na pobail sin.

6. Is eagraíocht chomhaontaithe, an-éifeachtach é RTS.

7. Dream ainrialaithe gan aon tacaíocht?

8. Cailleadh an méid sin le himeacht aimsire.

9. Is í an fhadhb atá ag RTS ná nach bhfuil siad ar aon fhocal faoi cad é ba chóir a dhéanamh.

10. Is é a dtionchar ar an tsochaí an choir is troime a chuireann RTS ina leith.

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Buail an bóthar

Reclaim the Streets. Tá idir chuspóir agus mhodh oibre an fheachtais le tuiscint as na trí fhocal is ainm dó. Cuspóir radacach atá ann – gluaisteáin a dhíbirt ó shráideanna na mbailte móra. (a) _____Molann siad do dhaoine 'athsheilbh' a ghlacadh ar na bealaí móra, fleánna sráide a reáchtáil chun sruth an tráchta a stopadh nó aon rud a dhéanamh a chabhródh chun ár mbailte a dhéanamh níos oiriúnaí do dhaoine seachas do ghluaisteáin. Fuair muintir na hÉireann a gcéad bhlaiseadh den fheachtas tráthnóna Sathairn le déanaí i mBaile Átha Cliath, nuair a shuigh grúpa daoine i lár an bhóthair ag bun Shráid Grafton.
(b) _____ Bhuel, tuairiscíonn an *Irish Times* gur shuigh gnáthdhaoine síos in éineacht leo agus gur stopadh an trácht go dtí gur éirigh leis na Gardaí an slua a dhíbirt. Dar leis an *Irish Times* gur léiriú a bhí ann ar cé chomh míshásta is atá daoine faoina laghad freastail a dhéantar ar choisithe i mBaile Átha Cliath, áit a dtugann an gluaisteán an svae leis i gcónaí.

Cé hiad, mar sin, *Reclaim the Streets* (RTS)? Dar le Mark Brown, atá sáite in obair RTS ó tháinig sé ar an fhód, gur 'feiniméan idirnáisiúnta is ea RTS faoin am seo, mar plá is ea an gluaisteán atá beag beann ar theorainneacha'.
(c)_____Cineál 'fritheagraíochta' atá ann, nach mbacann le ballraíocht ná le toghcháin. Tá sé deacair cur síos ar fhealsúnacht aon ghluaiseachta atá chomh scaoilte le RTS ach tá léiriú maith ar mheon an fheachtais le fáil in aiste le Andre Gorz atá ar shuíomh gréasáin RTS. 'Cad chuige ar thosaigh daoine ag ceannach gluaisteán?' a fhiafraíonn sé, agus tugann seo mar fhreagra: 'le go dtiocfadh leo ceann scríbe a bhaint amach níos tapúla agus níos saoráidí ná mar ba ghnách'. Earra *elite* a bhí sa ghluaisteán, a thug bua eile fós don ardaicme thar an gcosmhuintir. (d) _____Tá deireadh le tapúlacht agus le saoráid. Plúchtar na bóithre agus plódaítear na bealaí. I gcathracha móra an domhain, i bPáras, sa Róimh, i mBaile Átha Cliath, is annamh a ghluaiseann an trácht a dhath níos gaiste ná deich nó fiche ciliméadar san uair. Fiú lasmuigh de na cathracha imíonn an trácht ar luas seilide le linn na n-uaireanta sin ar maidin agus tráthnóna is mó a mbíonn feithiclí ar na bóithre.

'Bhí an carr ann le muid a shaoradh' a deir Mark. 'Cé chomh saor agus atá an tiománaí atá sáite istigh i mbosca miotail agus na sraitheanna gluaisteán sínte srón le tóin amach roimhe? Sa seanam bhí daoine ina máistrí ar a modh iompair féin.'

Páirt mhór de shoisceál RTS ná nach féidir an cás a réiteach le tuilleadh bóithre, bóithre dola ná seachbhóithre ná aon rud den sórt. 'Lag-ghníomhartha mí-éifeachtacha nach ndéanann aon mhaith ach a thugann le fios do dhaoine go bhfuil smacht éigin ag na húdaráis ar an arracht fiáin a chruthaigh siad.'

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Ní hamháin go maíonn RTS gur rudaí costasacha, contúirteacha, cáidheacha, callánacha is ea carranna. (e) _____ Ba é an carr a dhíbir daoine amach as lár na mbailte móra an chéad lá agus is ar an gcarr atáimid ag brath anois chun achair fhada a thaisteal idir na bruachbhailte nua agus na hoifigí, na monarchana, na scoileanna agus na siopaí atá lonnaithe sna ceantair a thréigeamar!

Maíonn RTS gur leagan amach frithshóisialta atá ar chónaí daoine inniu; na gnéithe éagsúla dá saol scartha ó chéile ag achair fhada ama agus spáis: an láthair oibre, an teach cónaithe i sráid lán strainséirí, eagla orthu na páistí a ligean amach an doras agus a bhfuil de charranna agus de leoraithe ann. Dar leis an RTS nach leor atheagar iomlán ar chónaí daoine agus ar phleanáil baile ach go dteastaíonn réabhlóid agus athrú meoin.

(f) _____ Bíonn cur is cúiteamh ina measc faoi cheisteanna atá iontach bunúsach ar fad, mar shampla, cé acu ba cheart feithiclí inneallghluaiste a chosc ar fad nó ligean do dhaoine carranna príobháideacha a bheith acu i gcúinsí áirithe. 'Is cinnte go mbeidh gá le hotharchairr agus leithéidí na Briogáide Dóiteán i gcónaí. Caithfimid cuimhneamh chomh maith ar phobail bheaga mar is léir go bhfuil áiteanna ann nach mbeadh córas iompair phoiblí dá fheabhas in ann freastal ceart a dhéanamh orthu.'

Cén fhís, mar sin, atá ag RTS? (g) _____ Séanann siad gur rud tairbheach atá in úinéireacht gluaisteáin. Ní maith le daoine siúl níos mó agus aer na cathrach ramhar le toit. Ní féidir éalú ó challán an tráchta.
(h) _____ Ná ní buntáiste ar bith do dhuine bus a fháil a gcaithfidh a bhealach a dhéanamh tríd an trácht ach oiread le feithicil ar bith. Ní gá a bheith ar aon tuairim le RTS le go mbeifeá ag fiafraí cén dóigh ar ligeadh don ghluaisteán monaplacht *de facto* a bhaint amach ar thaisteal.

(Curtha in oiriúint ó *Comhar*)

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Léamhthuiscint

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Ceist 4

Léigh na ceisteanna i gCuid A agus i gCuid B agus ansin léigh an ríomhphost chun freagraí na gceisteanna a aimsiú.

16 / marc

Cuid A

1. Tá an tOllamh sásta le caighdeán ***na scéalta***. An bhfuil an ráiteas sin
   - Fíor ❒
   - Bréagach ❒
   - Ní deirtear ❒

Fianaise:
_____
_____

2. Cad é a mholann an tOllamh mar theideal ar an tráchtas?

_____

3. Cad é an t-ábhar léitheoireachta a mholann an tOllamh d'Eilís?
(a) _____
(b) _____

4. Tá an tOllamh sásta le caighdeán fuaime na n-agallamh. An bhfuil an ráiteas sin:
   - Fíor ❒
   - Bréagach ❒
   - Ní deirtear ❒

Fianaise:
_____
_____

5. Beidh a lán eolais nua sa tráchtas seo. An bhfuil an ráiteas sin:
   - Fíor ❒
   - Bréagach ❒
   - Ní deirtear ❒

Fianaise:
_____
_____

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

6. ***Cén ráiteas is fearr*** a chuireann síos ar dhearcadh an Ollaimh maidir le críochnú an tráchtais?

- Síleann sé go gcaitheann Eilís an iomarca ama le múinteoireacht. ❒
- Tá sé imníoch nach gcríochnóidh Eilís an tráchtas in am. ❒
- Síleann sé go bhfuil sé in am ag Eilís deifir a dhéanamh agus an taighde a chur ar fáil chomh luath agus is féidir. ❒

Cuid B

Breathnaigh ar na focail sa liosta thíos agus aimsigh focail ***sa téacs*** a bhfuil an chiall chéanna acu.

1. duine a chuireann eolas ar fáil _____
2. píosa breise a chuirtear le foilseachán _____
3. eolas faoi shinsir daoine _____
4. seisiún teagaisc dírithe ar scileanna faoi leith _____

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

A Eilís, a chara

Léigh mé an chéad chaibidil sin a chuir tú chugam ag deireadh an tseimeastair. Molaim an t-ábhar a bhailigh tú ach níl an taighde saor ó locht i dtaca le cur i láthair de. Tá sé chomh maith againn na leasuithe riachtanacha a dhéanamh anois seachas gortghlanadh a dhéanamh ag céim níos déanaí sa phróiseas. Ba mhór an trua dá bhfaighfí locht ar an tráchtas nuair atá ábhar inspéise ann.

Tá roinnt fadhbanna téarmaíochta ann, cuir i gcás. Bíonn a dtuiscint féin ag scoláirí béaloidis ar fhocail áirithe, mar is eol duit. Is é an teideal a thug tú ar an tráchtas ná *Seanchas an Oileáin* ach is teideal lochtach é sin. Is é atá i gceist le 'seanchas' ná stair áitiúil, ginealach agus cuimhní cinn na ndaoine. Nuair a chonaic mé an teideal sin bhí mé ag súil le cuntas ar shaol an oileáin ach cad é atá ann le fírinne ach scéalta ón oileán. Go deimhin, níor mhiste sin a bhaisteadh air, mar thráchtas. Mholfainn 'faisnéiseoir' a chur in áit 'scéalaí' agus an stíl scríbhneoireachta a chur in oiriúint do ghnáthnósanna na hacadúlachta. Déan aithris ar chuid de na cnuasaigh atá foilsithe ag Roinn Bhéaloideas Éireann agus ní bheidh tú i bhfad ón gceart.

Agus ansin tá téacs na n-agallamh ann. Tá na faisnéiseoirí thar cionn ar fad – an té a chloisfeadh iad! Ach d'éist mé leis na hagallaimh go cúramach agus chuir mé i gcomparáid leis an téacs iad. Tá bearna rómhór ar fad eatarthu. Deir an faisnéiseoir 'domh' agus scríobhann tusa 'dom'. Deir duine 'ní rabh' agus scríobhann tusa 'ní raibh'. Cuimhnigh nach leabhar scoile é seo, a Eilís. Is mian linn caint na n-oileánach a léamh gan cheartú gan chaighdeánú. Is maith atá a fhios agam gur deacair freastal ar gach gné den chanúint gan an Ghaeilge scríofa a chur as a riocht. Mholfainn seo duit mar chomhréiteach: aguisín a chur leis an tráchtas ina mbeidh téacs na n-agallamh le fáil san Aibítir Idirnáisiúnta Foghraíochta. Ní gan dua a dhéanfar sin ach deir mo chomhghleacaí i Roinn na Nua-Ghaeilge, an Dr Ó Máille, go bhfuil sé sásta tú a scaoileadh isteach sna ceardlanna a bhíonn aige lena mhic léinn iarchéime féin. Cuirfidh sé go mór le stádas acadúil an tsaothair a leithéid de thras-scríobh a bheith ann. Beidh téacs na n-agallamh le scríobh 'go traidisiúnta' i gcorp an tráchtais chomh maith. Mo chomhairle duit súil a chaitheamh ar scríbhinní na seanúdar Ultach: 'Máire', Micí Mac Gabhann agus eile. Cabhróidh sin leat blas Ultach a chur ar an téacs gan dul thar fóir le canúnachas ar fad. Agus rud beag eile: deir an Dr Ó Máille go dtabharfaidh sé gléas taifeadta mar is ceart ar iasacht duit. Mholfainn duit glacadh leis an tairiscint.

Tá fadhb bheag eile ann ó thaobh na hacadúlachta de: is ar éigean a bheidh aon rud sa chnuasach seo agatsa nach bhfuil taifeadta ag bailitheoirí eile romhat. Beidh an-tábhacht, mar sin, leis an ngné chomparáideach. An bhfuil difear ar bith idir na leaganacha a bailíodh blianta fada siar agus na leaganacha atá scríofa síos agat féin? Má tá, cén difear atá ann? Tá plé an-spéisiúil ar an gcineál sin taighde le fáil i gCartlann Fuaime na hollscoile – páipéar a thug an tOllamh Ó Casaide ag comhdháil anseo ag deireadh na 1990aidí. Foghlaimeoidh tú a lán rudaí uaidh.

Is deacair dom tuilleadh comhairle a chur ort nuair nach bhfuil agam ach caibidil amháin. Is é an trua nach bhfuair mé nótaí beathaisnéise na bhfaisnéiseoirí le go mbeinn in ann iad a léamh le linn na saoire; an t-am is fearr ar féidir liom m'aird a dhíriú ar mo chúraimí comhairleoireachta. Agus nár thaispeáin tú roinnt nótaí dom

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

mar gheall ar stór amhrán na n-oileánach? Cá bhfuil siad sin? Is chuige seo atá mé: is fíor go mbíonn solúbthacht áirithe ann faoin spriocdháta sa chineál seo taighde ach bíonn spriocdháta ann i gcónaí. Tabharfaidh tú an obair chun críche, gan dabht, ach an dtabharfaidh tú chun foirfeachta í? Mo thaithí féin air seo ná go mbíonn seacht gcúram eile ar mhic léinn seachas an taighde: cúramaí teaghlaigh agus cúramaí teagaisc, cuir i gcás. Ní féidir le haon duine na cúramaí teaghlaigh a sheachaint ach bíonn rogha ann maidir leis an rud eile. An féidir leat an dá thrá a fhreastal? Bí ag smaoineamh leat air sin agus cuir na nótaí sin chugam nuair a bheidh deis agat slacht a chur orthu.

Slán is beannacht
An tOllamh Mac Gabhann

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad